Baisc imleabhar ón bPríomhbhailiúchán Lámhscríbhinní foilsithe

Tá 15 imleabhar nua as an bPríomhbhailiúchán Lámhscríbhinní digitithe, innéacsaithe agus ar fáil ar dúchas.ie anois. Baineann an t-ábhar leis na 1930idí. Seo thíos liosta de na himleabhair, de na bailitheoirí agus de na háiteanna.

0190	Seán de Buitléir, Co. Loch Garman
0194	Brighid Ní Chollaráin, Cill Lasrach, Co. Mhaigh Eo agus Cill Mhic Thaidhg, Co. Shligigh
0203	Bailitheoirí éagsúla ar fud Cho. Chorcaí
0210	Brighid Ní Chollaráin, Buiríos Ceara agus Tuath Aitheachta, Co. Mhaigh Eo
0216	Micheál Ó Riagáin, An Spidéal agus Eibhlín Ní Chaollaidhe, Carna, Co. na Gaillimhe
0217	Seosamh Ó Gríbhthín, Corca Dhuibhne, Domhnall Ó Súilleabháin, Uíbh Ráthach, agus Seán Ó Súilleabháin, Tuath Ó Siosta, Co. Chiarraí
0218	Eibhlín Ní Shéaghdha, Máirtín Ó Súilleabháin agus Peadar Ó Niallagáin, Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí
0219	Bailitheoirí éagsúla ar fud Cho. Chorcaí
0224	Anna Ní Eigheartaigh, Cill Charthaigh agus Proinnsis Ó Gallchubhair, Inis Caoil agus Inbhear, Co. Dhún na nGall
0229	Brian Mac Lochlainn, Iomaí agus Baile na Cille, Co. Gaillimhe
0231	An Bráthair Lúcás, Cois Fharraige agus An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
0232	Proinnsias de Búrca, An Ros, Conga agus Tamhain, Co. na Gaillimhe
0257	Liam Mac Coisdealbha, Mainistir Chnoc Muaidhe, Eadargúil, Co. na Gaillimhe agus Cill Mhiáin, Co. Mhaigh Eo
0274	Liam Mac Meanman, Míobhaigh, Co. Dhún na nGall
0279	Máire Ní Chadhla, Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí agus Cill Míde, Co. Luimnigh

Is féidir teacht ar an ábhar seo uile ag www.duchas.ie/ga/cbe.

Is é An Príomhbhailiúchán Lámhscríbhinní an bailiúchán is déanaí atá á dhigitiú ag foireann dúchas.ie, agus ábhar as á fhoilsiú go ráithiúil. Is éard atá sa bhailiúchán seo 2,400 imleabhar ceangailte d'ábhar a bailíodh ó 1932 i leith. Bhailigh bailitheoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha formhór an ábhair faoi scáth Choimisiún Béaloideasa Éireann (1935–1971). I nGaeilge atá timpeall dhá thrian den ábhar a chuimsíonn gach gné de thraidisiún béil na hÉireann.

Is toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, Leabharlann Dhigiteach UCD, agus Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal bailiúcháin uile Chnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú agus a chur ar fáil don phobal ar líne. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, agus ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath le cabhair airgeadais ó Fhondúireacht Bhéaloideas Éireann. Teagmháil: eolas@duchas.ie

Cnuasach Bhéaloideas Éireann National Folklore Collection
UCD DUBLIN
DCU
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht
National Lottery
S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal